

SAINCHUNTAS POIST

Teideal an Phoist: Oifigeach Óige

Freagrach do: Bainisteoir Seirbhísí Óige

Scála Tuarastail (cineál agus grád) & Pinsean:

Scála stáitseirbhíse an Oifigigh Feidhmiúcháin. *Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge.*

Tuarastal: €31,384 - €52,370 (i gcomhréir le cáilíochtaí agus taithí)

Tréimhse an Chonartha: Trí bhliain

Uaireanta Oibre:

Is idir 9.30r.n. agus 5.30i.n. go laethúil, Luan go hAoine na gnáthuaireanta oifige. Beidh uaireanta oibre lasmuigh de na hamanna seo i gceist go rialta chun freastal ar dhualgais an phoist ach ní rachfar thar 39 uair an chloig sa tseachtain de ghnáth.

Saoire:

Saoire bhliantúil le pá de 23 lá atá i gceist agus aon saoire phoiblí a cheadófar go náisiúnta.

Cáilíochtaí & Scileanna:

- Céim/Cáilíochtaí atá oiriúnach don phost;
- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta;
- Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine ag gach leibhéal;
- Ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhairt agus scríobh;
- Ardscileanna ríomhaireachta agus taithí ag bainistiú na suíomhanna meán sóisialta;
- Ardscileanna eagrúcháin agus riaracháin;
- Taithí agus tuiscint ar an gcóras oideachais agus ar obair óige;
- Ceadúnas tiomána glan iomlán, agus fáil ar ghluaisteán.

Príomhdhualgais an Phoist:

Beidh an tOifigeach Óige freagrach, mar chuid d'fhoireann trasfheidhmiúil, as:

- Clubanna Óige áitiúla a bhunú agus a stiúradh;
- Feidhmiú mar chomhairleoir d'Fheighlithe Clubanna Óige eile sa cheantar;
- Tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil do ghrúpaí logánta atá ag tabhairt faoi imeachtaí óige a reáchtáil sa cheantar;
- Comhoibriú le heagrais Ghaeilge/óige eile;
- Caidreamh a chothú leis na Gaelscoileanna agus scoileanna eile sa cheantar, idir bhainistíocht, thuismitheoirí agus daltaí;
- Eolas a chur ar fáil don phobal faoi obair na heagraíochta;
- Ábhar bolscaireachta faoi obair na heagraíochta a ullmhú agus a scaipeadh;
- Ócáidí/imeachtaí réigiúnacha/seimineáir eolais a eagrú;
- Aon obair eile a shocraíonn an bhainistíocht.

Áit lonnaithe:

Cé go mbeidh an post seo lonnaithe i gceanncheathrú na heagraíochta, i nDroim Rí, Co. na Mí, beidh taisteal rialta i gceist freisin agus tú ag riaradh seirbhísí na heagraíochta i gceantar réamhaontaithe.